

## An sainráiteas príobháideachais

### **Gearáin faoi chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh a láimhseáil**

Tá an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún Eorpach faoi réir fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.<sup>1</sup>

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear cén fáth a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil, an chaoi a ndéanann an Coimisiún Eorpach na sonraí pearsanta uile a bhailiú, a láimhseáil agus cosaint na sonraí uile arna soláthar a áirithiú, an chaoi a n-úsáidtear an fhaisnéis sin agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta féin. Sainítear ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

#### **1. An próiseas chun gearáin a láimhseáil**

Is féidir le duine nó comhlacht ar bith gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an gcaoi a gcuireann Ballstát dlí an Aontais i bhfeidhm. Scrúdóidh an Coimisiún an gearán agus déanfaidh sé cinneadh cibé acu ar cheart nó nár cheart gníomhaíocht bhreise a dhéanamh. Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún dul i mbun idirphlé neamhfhoirmiúil leis na Ballstáit lena mbaineann maidir le saincheisteanna faoi neamhchomhlíonadh dhlí an Aontais a d'fhéadfadh bheith ann agus/nó féadfaidh an Coimisiún a shocrú tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú in aghaidh an Bhallstáit lena mbaineann.

#### **2. An rialaitheoir sonraí**

Is é aonad SG.F3, 'Cur chun feidhme agus forfheidhmiú dhlí an Aontais Eorpaigh' in Ardrúnaíocht (SG) an Choimisiúin Eorpaigh, a rialaíonn an oibríocht phróiseála.

#### **3. Cuspóir**

Is é is cúis le gearáin a bhailiú agus a láimhseáil, na sonraí pearsanta/faisnéis atá iontu san áireamh, an Coimisiún a bheith in ann eolas a chur ar shárúithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh agus, ar an gcaoi sin, an cúram atá air faoi Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur i gcrích, mar atá a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm forálacha an chonartha agus na bearta arna nglacadh dá bharr ('Caomhnóir an Chonartha').

Déanann an Coimisiún gearáin faoin gcaoi a gcuireann na Ballstáit dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach atá i gcomhréir leis an Teachtaireacht 'Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhúí le cur i bhfeidhm níos fearr' (2017/C 18/02).

Ní úsáidfeair do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibríthe, próifiliú san áireamh.

#### **4. Forais maidir le próiseáil dhleathach**

Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun cúram a chur i gcrích, cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le Airteagal 5(1)(a) de Rialachán 2018/1725. Is iad Airteagal 4(3) agus Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagal 258, Airteagal 260 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais maidir le próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar Airteagal 5(1)(a).

---

<sup>1</sup> IO L 295, 21.11.2018, Ich. 39.

Próiseáil sonraí pearsanta neamh-shainordaitheacha an ghearánaigh, chomh maith le haon nochtadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shonraí pearsanta an ghearánaigh don Bhallstát lena mbaineann sa ghearán, tá sé sin bunaithe ar thoilíú an ghearánaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(d) de Rialachán 2018/1725 (ag an gcéim den EU Pilot nó an nós imeachta foirmiúil um shárú).

## 5. An fhaisnéis a bhailítear

Chun éifeacht a thabhairt do ráthaíochtaí riaracháin na ngearánach agus chun a chinntiú gur faisnéis chruinn atá ann ina dtaobh, teastaíonn ón gCoimisiún go dtugtar ainm agus seoladh an ghearánaí (duine nádúrtha nó eintiteas dlíthiúil<sup>2</sup>), chomh maith lena gcomhaontú nó easpa comhaontaithe a n-ainm a nochtadh do na húdaráis náisiúnta ar taisceadh an gearán ina leith. Thairis sin, chun gur féidir leis an gCoimisiún gearán a scrúdú, ní mór na sonraí breise seo a leanas a sholáthar: an t-údarás náisiúnta a ndéantar an gearán faoi, an beart náisiúnta nó na bearta náisiúnta a mheasann an gearánaí gur sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh iad, gníomhaíocht a rinneadh cheana chun an fhadhb a réiteach.

Ar na sonraí a bhailíonn an Coimisiún, is féidir go mbeidh teideal an ghearánaí, a uimhreacha teileafóin agus facs, mar aon lena sheoladh ríomhphoist, a shuíomh gréasáin, agus (más infheidhme) ainm a ionadaí agus na sonraí de (ainm, teideal, seoladh, uimhir theileafóin agus facs, seoladh ríomhphoist, suíomh gréasáin). Tharlódh go mbeadh sonraí pearsanta eile de shórt an-ilchineálach i dtéacs iomlán an ghearáin, lena n-áirítear aon doiciméad eile a chuireann an gearánaí ar fáil.

Ní theastaíonn aon chatagóir speisialta de shonraí pearsanta faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun gearán a láimhseáil.

## 6. Stóráil agus slándáil

Is ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh sa Lárionad Ríomhaireachta i Lucsamburg a stóráiltear na sonraí pearsanta arna mbailiú agus an fhaisnéis ábhartha ar fad. Feidhmíonn an freastalaí i gcomhréir leis na cinntí agus na forálacha ón gCoimisiún maidir le slándáil atá bunaithe ag an Stiúrthóireacht Slándála don chineál seo freastalaí agus seirbhíse, eadhon [Cinneadh \(AE, Euratom\) 2017/46](#) ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Chun na sonraí atá á bpróiseáil a chosaint, tá roinnt beart teicniúil agus eagrúcháin curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach. Ar na bearta teicniúla sin, tá gníomhartha iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go ndéanfaí rochtain neamhúdaráithe orthu, ag cur san áireamh an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil féin agus na cineálacha sonraí atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, ní dhéantar cead rochtana ar na sonraí a thabhairt ach do dhaoine údaráithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

## 7. Cé acu a bhfuil rochtain ar do shonraí?

Tugtar rochtain ar na sonraí pearsanta próiseáilte do na baill foirne de chuid an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála agus do bhaill foirne údaráithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanas eolais'. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe dlíthiúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Laistigh den Choimisiún, ní thugtar rochtain ar an bhfaisnéis phearsanta a bhailítear ach amháin trí bhíthin aitheantas úsáideora agus pasfhocal nach dtugtar ach do líon sainithe úsáideoirí san Ardrúnaíocht agus i ranna eile de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag plé le gearáin agus le sáruithe. I gcás ina rachaidh an Coimisiún i mbun malartú leis an mBallstát lena mbaineann agus nár thoiligh tú le do chéannacht a nochtadh, ní bheidh na sonraí pearsanta a bhailítear ar fáil d'údarás na mBallstát lena mbaineann. I gcás inar thug tú toiliú le do chéannacht a nochtadh, teorannófar rochtain ag na Ballstáit ar na sonraí pearsanta a bhaileofar go dtí líon sainithe úsáideoirí sna córais riaracháin náisiúnta, agus trí bhíthin aitheantais úsáideora agus pasfhocal amháin. Is iad na Ballstáit a fheidhmíonn mar rialaitheoirí

---

<sup>2</sup>Baineann Rialachán (AE) 2018/1725 le cosaint sonraí daoine aonair. Ní bhaineann sé le faisnéis faoi eintitis dhlíthiúla ach amháin má bhaineann leis an bhfaisnéis sin le daoine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta.

sonraí chun do shonraí pearsanta a phróiseáil agus tá siad faoi cheangal ag forálacha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)<sup>3</sup>.

Níl rochtain ag an bpobal ar na sonraí a bhailítear. Foilsítear roinnt sonraí maidir le sárúithe ar shuíomh gréasáin Europa, ach níl sonraí pearsanta ar bith sna sonraí sin.

Ní thabharfar an t-eolas pearsanta a bhailímid d'aon tríú páirtí (cé is moite den Bhallstát i gcás inar thoiligh tú le do chéannacht a nochtadh), seachas:

- a mhéid is gá má éilítear sin de réir dlí agus chun an cuspóir sin a chomhlíonadh; agus
- chun litreacha ón gCoimisiún Eorpach a sheoladh tríd an bpost cláraithe agus trí sholáthraí seirbhíse poist (féach an fógra comhfhreagrach '[DRB-1258 Traitement du courrier](#)' ó Oifig an Choimisiúin Eorpach um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil).

## 8. Cén fhad a stóráiltear an fhaisnéis?

Ní choinníonn an Coimisiún Eorpach do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu. Déanfar sonraí pearsanta/faisnéis phearsanta lena féidir gearánach a aithint a scriosadh 10 mbliana tar éis an comhad a dhúnadh, mura mbíonn aon bheart leantach déanta ag an gCoimisiún maidir leis an ngearán lena mbaineann. I gcás gearán ar lean plé neamhfhoirmiúil idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann é, agus nach leanann nós imeachta sárúithe foirmiúil é, scriosfaidh an Coimisiún Eorpach sonraí pearsanta/faisnéis phearsanta lena féidir gearánach a shainaithint 10 mbliana tar éis an plé neamhfhoirmiúil a chríochnú.

I gcásanna ina gcuirfidh an Coimisiún tús le nós imeachta foirmiúil um shárú ar bhonn gearán a fháil, coinneofar sonraí pearsanta agus doiciméid arna gcur isteach ag an ngearánaí gan aon teorainn ama leis, chun críoch riaracháin, nósanna imeachta agus cartlannú.

## 9. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagal 14 go hAirteagal 25) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, go háirithe an ceart rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. Faoi dhálaí áirithe, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil, agus tá an ceart agat chun iniomparthacht sonraí. Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do shonraí pearsanta, agóid a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a), ar chúiseanna a bhaineann go sonracha le do chás féin.

Más rud é gur thoiligh tú le próiseáil codanna áirithe de do shonraí pearsanta, is féidir leat an toiliú sin a tharraingt siar am ar bith ach é sin a chur in iúl don Rialaitheoir Sonraí. Ní dhéanfaidh an tarraingt siar difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Ní féidir leat rochtain dhíreach a fháil ar an bhfaisnéis atá stóráilte. Aon duine atá ag iarraidh a chearta a fheidhmiú mar dhaoine is ábhar do na sonraí, ba cheart dó ríomhphost a chur chuig [sg-plaintes@ec.europa.eu](mailto:sg-plaintes@ec.europa.eu) nó i gcás easaontais, chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, agus sonraí uile a n-iarraita a lua sa ríomhphost céanna. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a sonraí teagmhála le fáil faoi cheannteideal 10 agus 11 thíos.

Láimhseálfar aon iarraidh ar rochtain sonraí pearsanta laistigh de mhí amháin. Déanfar gach uile iarraidh eile a láimhseáil laistigh de 15 lá oibre.

---

<sup>3</sup> IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

## 10. Sonraí teagmhála

Má tá aon cheist nó ábhar inní agat maidir le do shonraí pearsanta a phróiseáil, nó má tá iarraidh agat ina thaobh, déan teagmháil leis an rialaitheoir sonraí, trí ríomhphost a sheoladh chuig [sg-plaintes@ec.europa.eu](mailto:sg-plaintes@ec.europa.eu) nó trí litir a scríobh chuig an Ardrúnaíocht (SG.F3), Commission européenne, B 1049 Bruxelles.

Is féidir leat dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin Eorpaigh, ag an seoladh ríomhphoist: [data-protection-officer@ec.europa.eu](mailto:data-protection-officer@ec.europa.eu), maidir le saincheisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

## 11. Leigheasanna i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil

Is féidir gearáin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún Eorpach a sheoladh chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin ag an seoladh seo a leanas: Rue Wiertz 60 (MO 63), 1047 Bruxelles, An Bheilg, seoladh ríomhphoist: [edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu). Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1725 agus as a áirithiú go gcuirtear na forálacha sin i bhfeidhm,<sup>4</sup> agus tá sé freagrach as aon ghníomh eile de chuid an Aontais a bhaineann le cosaint cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais.

## 12. Tuilleadh eolais

Is é Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin a fhoilsíonn an clár de gach oibríocht phróiseála sonraí pearsanta. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: <http://ec.europa.eu/dpo-register>

Cuireadh an oibríocht phróiseála shonrach seo i gclár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-00082.

---

<sup>4</sup>Rialachán Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.